C/2026/4839

14.9.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.12524 — AEQUITA / RHEINMETALL AUTOMOTIVE)
Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4839)

1. An 3 Meán Fómhair 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— AEQUITA Management SE ('Aequita', an Ghearmáin),

— Rheinmetall Automotive AG ('Rheinmetall Automotive'), fochuideachta de chuid Rheinmetall AG, an dá cheann acu sa Ghearmáin.

Gheobhaidh Aequita rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Rheinmetall Automotive ina iomláine.

Is trí bhíthin ceannach scaireanna a dhéanfar an comhchruinniú.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é Aequita an príomh-eintiteas rialaithe a bhainistíonn AEQUITA SE & Co. KGaA, cuideachta infheistíochta a infheistíonn i gcásanna speisialta, amhail seach-chuideachtaí grúpa, comharbas agus cásanna athstruchtúrúcháin,

— Is é Rheinmetall Automotive AG cuideachta sealbhaíochta Division Power Systems sibhialta Rheinmetall AG, monaróir domhanda réiteach don tionscal gluaisteán agus do chliaint thionsclaíocha, agus déanann sé gníomhaíochtaí a bhaineann leis an iarmhargadh neamhspleách chomh maith.

3. Tar éis dó réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12524 — AEQUITA / RHEINMETALL AUTOMOTIVE

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.